Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Meán Fómhair 2020**
**(OR. en)**

**10945/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0258(NLE)**

**TRANS 405**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Meán Fómhair 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 567 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt chun críche Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) i ndáil le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 567 final.

Faoi iamh: COM(2020) 567 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.9.2020
COM(2020) 567 final

2020/0258 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tabhairt chun críche Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) i ndáil le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• **Forais agus cuspóirí an togra**

I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2020/[CUIR ISTEACH TAGAIRT] ón gComhairle an [CUIR ISTEACH DÁTA] ([1]), rinneadh síniú an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú i dtaca le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta paisinéirí agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus an […2020], faoi réir a thabhairt chun críche ar dháta níos déanaí.

Tiocfaidh an Prótacal sin in ionad an Phrótacail a ghabhann le Comhaontú Interbus maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus a bhí ar oscailt lena shíniú idir an 16 Iúil 2018 agus an 16 Aibreán 2019 ach nár shínigh ach an tAontas, ar bhonn Cinneadh (AE) 2018/1195 ón gComhairle ([2]) .

Ba cheart a mheabhrú gur earnálacha tábhachtacha iad iompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus lena gcuirtear soghluaisteacht ar fáil do shaoránaigh Eorpacha a bhfuil struchtúr praghsanna inacmhainne aici. Is chun tairbhe shaoránaigh an Aontais, turasóirí eachtrannacha, tionscal na turasóireachta agus réigiúin na hEorpa araon a bheadh tuilleadh forbartha ar na hearnálacha sin lasmuigh den Aontas Eorpach. Is iad na difríochtaí sna comhaontuithe déthaobhacha idir na Ballstáit agus tríú tíortha a chuireann srianta leis an bhforbairt sin, difríochtaí a fhágann go bhfuil an nós imeachta údaraithe agus oibriú na línte tráthrialta idirnáisiúnta agus na línte tráthrialta speisialta anásta. Feictear é sin go rí-shoiléir i dtaca le línte fada tráthrialta idirnáisiúnta, a théann trí roinnt tíortha.

Ba cheart rochtain ar an margadh le haghaidh seirbhísí tráthrialta agus seirbhísí tráthrialta speisialta a dheonú, mar atá leagtha amach sa Phrótacal, trí bhíthin nós imeachta údaraithe aonfhoirmeach atá faoi réir chur chun feidhme *acquis* an Aontais i réimse iompair paisinéirí de bhóthar, lena n-áirítear sábháilteacht ar bhóithre, forálacha teicniúla, cáilíochtaí tiománaí, rialacha sóisialta, cearta paisinéirí, an comhshaol agus ligean isteach don ghairm.

Beidh feidhm i gcónaí ag Comhaontú Interbus gan athrú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus.

Ní chumhdaítear leis an bPrótacal ach na forálacha is gá chun Comhaontú Interbus a leathnú chun iompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus (faoi údarú) a chumhdach. Ní dhéantar na rialacha comhchoiteann a leasú ná a athdhéanamh ach tagraítear ann do na bunfhorálacha i gComhaontú Interbus. Ní féidir le Páirtí Conarthach an Prótacal a shíniú, a thabhairt chun críche ná aontú dó ach tar éis dó Comhaontú Interbus a shíniú agus a thabhairt i gcrích, é a dhaingniú nó aontú dó, agus sa chás sin amháin, agus is ar an mbealach sin a ráthófar go nglacfaidh na Páirtithe Conarthacha le

1 IO L […], […], lch. […].

2 Cinneadh (AE) 2018/1195 ón gComhairle an 16 Iúil 2018 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) i ndáil le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus (IO L 214, 23.8.2018, lch 3).

rialacha Interbus agus go gcuirfidh siad i bhfeidhm na rialacha sin nuair a bheidh an Prótacal á shíniú acu, á thabhairt i gcrích, é a dhaingniú nó aontú dó.

Seachas an tAontas Eorpach, is Páirtithe Conarthacha i gComhaontú Interbus iad Poblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Montainéagró, Poblacht na Macadóine Thuaidh, Poblacht na Moldóive, an Tuirc agus an Úcráin agus féadfaidh siad an Prótacal a shíniú agus a thabhairt i gcrích, é a dhaingniú nó aontú dó. Tiocfaidh Prionsacht Andóra chun bheith ina Páirtí Conarthach an 1 Lúnasa 2020 agus beidh sí in ann an Prótacal a shíniú agus a thabhairt i gcrích, é a dhaingniú nó aontú dó.

Leagtar béim sa Phrótacal ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh (Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ([3])) maidir leis na pionóis agus na sáruithe is tromchúisí agus freisin maidir le comhlíonadh na gceithre coinníoll maidir le rochtain ar ghairm an oibreora iompair paisinéir de bhóthar (bunaíocht éifeachtach chobhsaí, dea-chlú, seasamh airgeadais agus inniúlacht ghairmiúil).

Tugann an Prótacal isteach Comhchoiste chun bainistiú an Phrótacail a éascú. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag forálacha i ndáil leis an gComhchoiste a bunaíodh faoi Chomhaontú Interbus maidir leis an gComhchoiste faoin bPrótacal.

De réir an Phrótacail, ní féidir le tréimhse bhailíochta údaraithe le haghaidh seirbhísí tráthrialta idirnáisiúnta agus seirbhísí tráthrialta speisialta dul thar cúig bliana.

Thabharfaí an Prótacal féin i gcrích le haghaidh tréimhse cúig bliana, ón mbliain a tháinig sé i bhfeidhm. Déanfar tréimhse an Phrótacail a fhadú go huathoibríoch go ceann tréimhsí comhleanúnacha cúig bliana sna Páirtithe Conarthacha sin nach gcuireann a mian in iúl gan déanamh amhlaidh.

Tá trí Pháirtí Chonarthacha Interbus ag teastáil ón bPrótacal (in ionad ceithre cinn díobh), lena n-áirítear an tAontas, chun an Prótacal a thabhairt i gcrích, a dhaingniú nó aontú dó chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm le haghaidh na bPáirtithe Conarthacha sin a bhfuil an Prótacal tugtha i gcrích acu, daingnithe acu nó a d'aontaigh dó.

Tá tréimhse dhá bhliain ann ón dáta ar ghlac an tAontas Eorpach an Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Phrótacail chun é a shíniú.

Rinneadh teacht i bhfeidhm an Phrótacail a ghiorrú le haghaidh na Páirtithe Conarthacha sin a thug i gcrích é, a dhaingnigh é nó a d'aontaigh dó, eadhon, ón gcéad lá den tríú mí go dtí an chéad lá den mhí i ndiaidh na míosa ina sroichfear an líon riachtanach formheasanna ó na Páirtithe Conarthacha.

D'athraigh Páirtí Conarthach amháin a ainmníocht go dtí Poblacht na Macadóine Thuaidh, athrú a léiríodh sa Phrótacal freisin.

---

3 Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh agus lena n-aisghairtear Treoir 96/26/CE ón gComhairle (IO L 300, 14.11.2009, lch. 51).

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an Prótacal comhsheasmhach le comhbheartas iompair an Aontais. Cumhdaítear leis na codanna ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 ([4]), mar a cuireadh in oiriúint chun críocha comhaontú iltaobhach idirnáisiúnta.

Déantar foráil sa Phrótacal maidir le tuilleadh comhchuibhithe ar an gcreat i ndáil le seirbhísí tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta de chóiste agus de bhus.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an Prótacal comhsheasmhach le beartas comharsanachta an Aontais agus leis an gcaidreamh seachtrach.

Tá an Prótacal comhsheasmhach le comhaontuithe atá ann cheana, amhail an tAontas Custaim agus Comhaontuithe Réamhaontachais, Comhaontuithe Comhlachais agus is é is aidhm dó an timpeallacht rialála a sholáthar faoinar féidir leis an Aontas Eorpach agus na Páirtithe Conarthacha i gComhaontú Interbus rochtain a bheith acu ar mhargadh tráthrialta idirnáisiúnta a chéile agus margadh tráthrialta speisialta paisinéirí a chéile faoi rialacha aonfhoirmeacha.

- **Forálacha fioscacha**

I bhfianaise a n-aidhm agus a n-ábhar, is tánaisteach agus indíreach ó thaobh cineáil de, agus sin amháin, atá comhfhogasú na bhforálacha custaim agus fioscacha sa Phrótacal.

## 2. TORTHAÍ Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Saineolas a bhailiú agus a úsáid agus Measúnú Tionchair**

Níl measúnú tionchair déanta ag an gCoimisiún nó níor bhain sé úsáid as saineolas seachtrach. Le leathnú Chomhaontú Interbus chuig seirbhísí tráthrialta idirnáisiúnta agus seirbhísí tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus, cabhrófar le raon feidhme geografach chur chun feidhme *acquis* an Aontais Eorpaigh i réimse an iompair paisinéirí de bhóthar a leathnú.

Rachadh na tionchair eacnamaíocha agus shóisialta chun tairbhe don tionscal iompair paisinéirí agus don turasóireacht. Is dócha go mbeadh tionchar measartha ar an gcomhshaol ag méideanna tráchta méadaithe.

- **Simpliú**

Éascófar oibríochtaí den chineál sin a dhéanamh dá ndéanfaí comhchuibhiú ar na nósanna imeachta le haghaidh údaraithe a fháil maidir le hiompair tráthrialta idirnáisiúnta agus iompair tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus.

---

[4] Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna i dtaca le rochtain ar an margadh idirnáisiúnta do sheirbhísí cóiste agus bus agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 (IO L 300, 14.11.2009, lch. 88).

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

- **Bunús dlí**

Is é an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí, agus go háirithe an bunús dlí substainteach, Airteagal 91, i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) de.

- **An rogha ionstraime**

Foráiltear le hAirteagal 218(6)(a) CFAE do Chinneadh ón gComhairle mar an ionstraim is infheidhme.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉIDEACHA

Nóta ar bith.

## 5. EILIMINTÍ ROGHNACHA

- **Socruithe meastóireachta agus tuairiscithe**

Foráiltear le hAirteagal 16 den Phrótacal go mbeidh meastóireacht déanta ar fheidhmiú an Phrótacail gach cúig bliana ag an gComhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 18 den Phrótacal.

- **Nós imeachta breise**

Measann an Coimisiún gur gá tús a chur leis an nós imeachta chun an Prótacal a thabhairt i gcrích. Dá bhrí sin, cuireann an Coimisiún an togra seo faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt chun críche Prótacail nua i dtaca le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar ócáideach idirnáisiúnta paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus).

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

*Forálacha sonracha an Chinnidh ón gComhairle atá beartaithe:*

- Foráiltear le hAirteagal 1 den Chinneadh ón gComhairle do thabhairt chun críche, thar ceann an Aontais, leagan nua den Phrótacal a ghabhann le Comhaontú Interbus maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus.

- Baineann Airteagal 2 leis na cumhachtaí chun an Prótacal a thabhairt i gcrích.

- Foráiltear le hAirteagal 3 do theacht i bhfeidhm an Chinnidh ón gComhairle.

*Forálacha sonracha an Phrótacail:*

- Le hAirteagal 1 sainmhínítear raon feidhme an Phrótacail maidir le seirbhísí tráthrialta idirnáisiúnta agus seirbhísí tráthrialta speisialta do phaisinéirí le tionscnamh nó ceann scríbe sa Pháirtí Conarthach ina bhfuil an t-oibreoir bunaithe agus ina bhfuil na feithiclí cláraithe nó a dtrasnaíonn an tseirbhís tríd le paisinéirí a bhailiú nó a scaoileadh amach nó gan iad a bhailiú ná a scaoileadh amach. Tagraítear

san Airteagal freisin do shocruithe comhpháirtíochta. Cuirtear cosc ar aon chineál cabatáiste.

- Is clásal neamh-idirdhealaithe é Airteagal 2.

- In Airteagal 3 tá sainmhínithe.

- Tagraítear in Airteagal 4 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Comhaontú Interbus maidir leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le hoibreoirí iompair paisinéirí de bhóthar.

- Tagraítear in Airteagal 5 d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú Interbus maidir leis na coinníollacha teicniúla a bhaineann le feithiclí.

- In Airteagal 6 tá forálacha maidir le seirbhísí tráthrialta idirnáisiúnta agus seirbhísí tráthrialta speisialta atá faoi réir údaraithe. Déantar foráil *inter alia*, maidir leis an bhféidearthacht a bheith ag na Páirtithe Conarthacha agus Ballstáit an Aontais cinneadh a dhéanamh maidir le seirbhísí tráthrialta nó seirbhísí tráthrialta speisialta idir Páirtithe Conarthacha faoi réir socruithe comhpháirtíochta idir oibreoirí thionscnaimh agus cinn scríbe na seirbhíse. Maidir le hoibreoirí atá bunaithe i stáit na bPáirtithe Conarthacha nó sna Ballstáit a thrasnaítear le linn an turais agus ina mbailítear paisinéirí agus ina ligtear dóibh tuirlingt, ba cheart é a bheith de cheart acu páirt a ghlacadh i gcomhpháirtíochtaí den chineál sin, má chinneann siad amhlaidh.

- De réir Airteagal 7, tá feidhm ag Ranna V agus VI de Chomhaontú Interbus maidir le forálacha sóisialta agus forálacha custaim agus fioscacha maidir leis an bPrótacal.

- Déanann Airteagal 8 foráil maidir leis an údarás um údarú a eisíonn na húdaruithe, faighteoirí údaruithe, tréimhse bailíochta an údaraithe, ítimí atá le sonrú in údaruithe agus maidir le húsáid feithiclí breise in imthosca sealadacha agus eisceachtúla.

- Sainmhínítear in Airteagal 9 an nós imeachta chun iarratas ar údarú a chur isteach.

- Déanann Airteagal 10 foráil maidir leis an nós imeachta um údarú, lena n-áirítear teagmhálacha idir na húdaráis inniúla ábhartha, deonú an údaraithe agus na cúiseanna a bhféadfaí iarratas a dhiúltú, agus iad amháin.

- Leagtar síos in Airteagal 11 rialacha maidir le hathnuachan nó athrú údaraithe.

- Déanann Airteagal 12 foráil maidir le rialacha maidir le dul i léig údaraithe.

- Déanann Airteagal 13 foráil maidir le hoibleagáidí oibreoirí iompair.

- De réir Airteagal 14, ba cheart do na Páirtithe Conarthacha a áirithiú go gcomhlíonfaidh na hoibreoirí iompair na forálacha ábhartha.

- Liostaítear in Airteagal 15 (in éineacht le hAirteagal 8(9)) na doiciméid atá le n-iompar san fheithicil. Tá an liosta céanna de na doiciméid atá le hiompar san fheithicil le feiceáil ar leathanach a trí den tsamhail d'údarú in Iarscríbhinn 4 a ghabhann leis an bPrótacal.

- Déantar foráil in Airteagal 16 maidir le ré an Phrótacail (cúig bliana) ina bhfuil fadú intuigthe le haghaidh tréimhsí comhleanúnacha cúig bliana agus meastóireachtaí tréimhsiúla ar fheidhmiú an Phrótacail.

- Tagraítear in Airteagal 17 do chur i bhfeidhm *mutatis mutandis*, ach ina bhfuil roinnt modhnuithe, forálacha Chomhaontuithe Interbus, go háirithe an idirthréimhse cúig bliana le haghaidh seirbhísí táthrialta agus seirbhísí táthrialta speisialta iompair paisinéirí de bhóthar atá ann i gcomhaontuithe déthaobhacha chomh maith le tabhairt chun críche, daingniú nó formheas an Phrótacail, a theacht i bhfeidhm, a shéanadh agus a teangacha. Foráiltear leis an Airteagal freisin maidir le líon na ndaingnithe ionas go dtiocfadh an Prótacal i bhfeidhm a laghdú ó cheithre cinn (de réir Chomhaontú Interbus) go dtí trí cinn. Ina theannta sin, ba cheart don Phrótacal teacht i bhfeidhm, le haghaidh na bPáirtithe Conarthacha a shínigh agus a d'fhormheas nó a dhaingnigh é, ar an gcéad lá den mhí tar éis na míosa ina mbeidh a n-ionstraimí formheasta nó daingnithe taiscthe ag trí Pháirtí Chonarthacha, lena n-áirítear an tAontas, le hArdrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

- Le hAirteagal 18 bunaítear Comhchoiste chun an Prótacal a bhainistiú *mutatis mutandis* le hAirteagal 23 agus 24 de Chomhaontú Interbus.

- Déanann Airteagal 19 foráil maidir leis an nós imeachta i gcás ina n-aontóidh Páirtí Conarthach i bPrótacal don Aontas Eorpach, nach Páirtí Conarthach de chuid an Aontais é.

- Léirítear in Airteagal 20 tréimhse shínithe dhá bhliain ag tosú ar an dáta a nglacann an Chomhairle an Cinneadh seo ón gComhairle agus luaitear ann nach féidir ach na Páirtithe Conarthacha i gComhaontú Interbus an Prótacal a thabhairt i gcrích, aontú dó nó a dhaingniú.

- Leagtar amach in Airteagal 21 go bhféadfaidh aon Pháirtí Conarthach i gComhaontú Interbus aontú don Phrótacal tar éis dá theacht i bhfeidhm.

- Foráiltear in Airteagal 22 gur cuid dhílis den Phrótacal iad na hIarscríbhinní a ghabhann leis.

- Foráiltear le hAirteagal 23 go dtiocfaidh an Prótacal in ionad an Phrótacail maidir le seirbhísí táthrialta agus seirbhísí táthrialta speisialta, a bhí ar oscailt lena shíniú idir an 16 Iúil 2018 agus an 16 Aibreán 2019.

- Tagraíonn Iarscríbhinní 1 agus 2 a ghabhann leis an bPrótacal d'Iarscríbhinní 1 agus 2 a ghabhann le Comhaontú Interbus.

- Foráiltear in Iarscríbhinn 3 do Shamhail d'iarratas le haghaidh seirbhíse táthrialta idirnáisiúnta iompair paisinéirí nó seirbhíse táthrialta speisialta do phaisinéirí faoi réir údarú.

- Foráiltear in Iarscríbhinn 4 do Shamhail d'údarú le haghaidh seirbhíse táthrialta idirnáisiúnta nó seirbhíse táthrialta speisialta do phaisinéirí bóthair.

2020/0258 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tabhairt chun críche Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) i ndáil le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91, i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2020/[CUIR ISTEACH TAGAIRT][1] ón gComhairle an [CUIR ISTEACH DÁTA], rinneadh síniú an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú i dtaca le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta paisinéirí agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus ('an Prótacal') an […] 2020, faoi réir a thabhairt chun críche ar dháta níos déanaí.

(2) Ba cheart go n-éascóidh an Prótacal soláthar seirbhísí tráthrialta agus seirbhísí tráthrialta speisialta idir na Páirtithe Conarthacha i gComhaontú Interbus agus ba cheart go dtiocfaidh feabhas ar naisc iompair paisinéirí eatarthu dá bharr.

(3) A mhéid a bhaineann le rialacha ginearálta, go sonrach oibríocht an Chomhchoiste, agus chun cur i bhfeidhm an Prótacail a éascú, tá an Prótacal, den chuid is mó, ar aon dul leis na rialacha a bunaíodh i gComhaontú Interbus.

(4) Chun nach gcuirfear rómhoill ar na tairbhí a bhaineann leis, foráiltear leis an bPrótacal dá theacht i bhfeidhm, le haghaidh na bPáirtithe Conarthacha a d'fhormheas nó a dhaingnigh é, i gcás ina bhfuil sé formheasta nó daingnithe ag trí Pháirtí Chonarthacha, lena n-áirítear an tAontas.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart an Prótacal a fhormheas thar ceann an Aontais,

[1] Cinneadh (AE) 2020/[CUIR TAGAIRT ISTEACH] ón gComhairle maidir le síniú Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) i ndáil le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus (IO L , .2020, lch. ).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, an Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú i dtaca le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus, a thagann in ionad an Phrótacail a ghabhann le Comhaontú Interbus a bhí ar oscailt lena shíniú idir an 16 Iúil 2018 agus an 16 Aibreán 2019.

Cuirfear téacs an Phrótacail i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Ainmneoidh Uachtarán na Comhairle an duine a chumhachtófar chun dul ar aghaidh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, chun an ionstraim formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 20(2) den Phrótacal a thaisceadh, chun toiliú an Aontais Eorpaigh a chur in iúl maidir lena bheith faoi cheangal ag an bPrótacal.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha[2].

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[2] Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Phrótacail in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.